Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Ceangal
Clár den Chomhairle Oidhreachta
A Heritage Council programme



# Féileacáin

## *Chontae na Gaillimhe*

**Réamhrá** .... 2
- Féileacáin Chontae na Gaillimhe .... 2
- An Tábhacht Atá Leis Na Feileacáin .... 2
- Bitheolaíocht An Fhéileacáin .... 2
- Saolré .... 2
- Anatamaíocht .... 3
- Eolaíocht Na Saoránach Agus Scéimeanna Monatóireachta .... 4

**Ag Eitilt** .... 5

**Na Féileacáin** .... 7
- An Bhuíóg Ruibheach .... 7
- An Bhánóg Mhór .... 9
- An Bhánóg Bheag .... 11
- An Bhánóg Uaine .... 13
- An Barr Buí .... 15
- An Stiallach Donn .... 17
- An Chopróg Bheag .... 19
- An Gormán Coiteann .... 21
- An Gormán Cuilinn .... 23
- An tAimiréal Dearg .... 25
- An tÁilleán .... 27
- An Ruán Beag .... 29
- An Phéacóg .... 31
- An Chamóg .... 33
- An Fritileán Péarlach .... 35
- An Fritileán Geal .... 37
- An Fritileán Réisc .... 39
- An Breacfhéileacán Coille .... 41
- An Donnóg Féir .... 43
- An Fháinneog .... 45
- An Fraochán Beag .... 47

**Leideanna Tábhachtacha don Gharraíodóireacht** .... 48

**Liostaí na Bplandaí is Fearr le Haghaidh Neachtar** .... 49

**Liosta de Phlandaí Bia an Larbha** .... 50

**Gluais** .... 51-52

**Leabharliosta** .... 52

# RÉAMHRÁ

## FÉILEACÁIN CHONTAE NA GAILLIMHE

Tá 32 speiceas d'fhéileacáin chónaithe againn in Éirinn agus trí speiceas d'fhéileacáin imirceacha rialta. Uaireanta tugtar 'grúpa samplach' orgánaigh ar na féileacáin. Tugtar é seo orthu de bharr go ndéanann eolaithe staidéar an-ghrinn orthu, rud a d'fhéadfadh cabhrú leo agus iad ag oibriú amach an tionchar a bhíonn ag caillteanas gnáthóige, athrú aeráide agus feiniméin bhitheolaíocha eile ní hamháin ar na féileacáin ach ar speicis eile chomh maith. Tá cur síos sa bhfoilseachán seo ar 18 féileacán a fhaightear go coitianta i gContae na Gaillimhe. San áireamh freisin tá an Stiallach Donn, an Fritileán Péarlach agus an Fritileán Réisc, féileacáin nach bhfaightear go minic in Éirinn, ach atá le fáil i gceantair áirithe i gContae na Gaillimhe.

## AN TÁBHACHT ATÁ LEIS NA FÉILEACÁIN


Is cuid dár n-oidhreacht nádúrtha iad na féileacáin agus tá an-mheas orthu; is siombail iad de sholas na gréine, den áilleacht agus den tsaoirse. Is pailneoirí tábhachtacha iad chomh maith le bheith ina ngnéithe ríthábhachtacha den bhiashlabhra, a chuireann bia ar fáil do na héin, na sciatháin leathair, na feithidí seadánacha agus d'ainmhithe eile a bhíonn ag ithe feithidí.  Tugann na sárfheithidí seo léargas ar shláinte an chomhshaoil agus na n-éiceachóras de bharr go mbíonn, neart feithidí agus inveirteabraigh eile de ghnáth san áit a bhfaightear go leor féileacán agus dá bhrí sin tugann siad léargas suntasach ar an riocht ina bhfuil timpeallachtaí ar leith, an tionchar a bhíonn ag an gcaillteanas agus ilroinnt na gnáthóige orthu, agus ar an athrú aeráide. Chomh maith leis sin, tá saolré, anatamaíocht agus iompar na bhfeithidí seo thar a bheith spéisiúil agus tábhachtach mar ábhair oideachais agus staidéir eolaíochta.

## BITHEOLAÍOCHT AN FHÉILEACÁIN

Is feithidí den chineál 'Lepidoptera' iad na féileacáin (ciallaíonn lepis gainne agus pteron sciathán: sciathán gainneach) agus áirítear na leamhain ina measc seo freisin. Ceithre sciathán a bhíonn orthu ar fad agus iad clúdaithe le scálaí bídeacha a d'féadfadh dathanna gléineacha a bheith orthu. Rud eile atá i bpáirt acu is ea gur boilb iad a gcuid larbhaí.

## SAOLRÉ

Tá ***ceithre chéim*** ag baint le saolré an fhéileacáin:
***1. Ubh, 2. Larbha nó bolb,*** lena n-áirítear roinnt céimeanna idir an foladh, ar a dtugtar 'ionstáir', ***3. Pupa nó crisilid,*** agus ***4. Féileacán fásta.***




*'Pupa' Grianghraf le Fran Keating*


## ANATAMAÍOCHT


Tá *trí chuid* i gcorp an fhéileacáin:

- An *cloigeann (1)* a bhfuil dhá *adharcán (2)* ceangailte de. Bíonn siad seo 'bleibíneach' seachas a bheith cleiteach mar atá i gcás an leamhain. Úsáideann siad na hadharcáin chun bia agus céile a bholú, suíomh na gréine a oibriú amach agus chun iad féin a choinneáil ar a gcothrom.

- Is é an *tóracs (3)* an chuid láir agus is anseo atá na matáin a oibríonn an dá phéire sciatháin agus na sé chos atá air.

- Is é an *bolg (4)* an príomh chuid de chorp na feithide agus is ann atá na horgáin atáirgthe agus díleá.




Ceithre sciathán atá ar na féileacáin – *dhá sciathán chun tosaigh (5)* agus *dhá sciathán taobh thiar (6)* – agus tá patrúin éagsúla ar dhá thaobh na sciathán:

- Tá an sciathán uachtarach *(féach ar chlé)* níos ildaite chun céile a mhealladh;

- Níl an sciathán íochtarach *(féach ar dheis)* chomh daite céanna armhaithe na duaithníochta. Taispeánann sé ba chóir go bhfuil seo *(7)* a théann ón gcloigeann go dtí barr an sciatháin tosaigh agus an *chiumhais sheachtrach (8)* is í sin imeall seachtrach an sciatháin. Bíonn 'súilbhaill' ar a *sciatháin (9)* ag roinnt speiceas féileacáin freisin.

Tá *próboscas (10)* ag na féileacáin. Tóireadóir fada atá anseo mar a bheadh corna ann a úsáidtear chun bia a fháil ó leachtanna cosúil le neachtar, drúcht meala na haifide, sú crann agus mianraí as locháin uisce.



## EOLAÍOCHT NA SAORÁNACH AGUS SCÉIMEANNA MONATÓIREACHTA

Is féidir leis an bpobal i gcoitinne tionchar a bheith acu mar eolaithe saoránaigh ar bhealaí atá tábhachtach trí pháirt a ghlacadh sa monatóireacht ar speicis cosúil le féileacáin, sonraí a bhailiú fúthu (e.g. suíomh, dáta, gnáthóg, gníomhaíocht) agus a gcuid torthaí a thuairisciú don Ionad Náisiúnta Sonraí Bithéagsúlachta (NBDC). Is féidir é seo a dhéanamh ar bhealaí éagsúla.

- **Má fheictear iad corruair nó babhta amháin** is féidir é seo a chlárú tríd an Aip Gabháil Sonraí Bithéagsúlachta nó trí Thairseach Eolaíochta Saoránach na hÉireann.
- Tugann an **Scéim Monatóireachta ar Fhéileacáin sa Ghairdín** deis do na daoine atá páirteach na féileacáin atá ina ngairdíní féin a chlárú ar bhealach níos struchtúrtha; 6 uair an chloig in aghaidh na bliana a theastaíonn agus na féileacáin á gcomhaireamh uair sa tseachtain ar feadh 15 nóiméad.
- Tá an **Scéim Mhonatóireachta Cúig Chuairt** bunaithe ar shiúlóid idir 1 agus 2km agus bíonn idir 5 agus 6 uair an chloig monatóireachta i gceist, le linn cúig shiúlóid a mhaireann 1 uair an chloig an ceann.
- Tá **Scéim Mhonatóireachta Féileacán na hÉireann** bunaithe ar shiúlóid den chineál céanna ach déantar í níos minice ar feadh idir 26 agus 30 uair an chloig le linn suas le 26 cinn de shiúlóidí.

**Chun tuilleadh eolais a fháil féach ar shuíomh gréasáin an Lárionaid Náisiúnta Sonraí Bithéagsúlachta:**

Tabhair cuairt ar **www.biodiversityireland.ie**
Nó **an cód QR thíos a scanadh**



## AG EITILT

| Ag Eitilt | Ean | Fea | Már | Aib | Bea | Mei | Iúi | Lún | MFó | DFó | Sam | Nol |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Féileacáin Bhána (Pieridae) | | | | | | | | | | | |
| An Bhuíóg Ruibheach | | | Oráiste | Dearg | Dearg | Oráiste | Oráiste | Dearg | Oráiste | | | |
| An Bhánóg Mhór | | | | Oráiste | Oráiste | Oráiste | Oráiste | Dearg | Oráiste | Oráiste | | |
| An Bhánóg Bheag | | | | Oráiste | Oráiste | Oráiste | Oráiste | Dearg | Oráiste | Oráiste | | |
| An Bhánóg Uaine | | | | Oráiste | Dearg | Oráiste | Oráiste | Dearg | Oráiste | Oráiste | | |
| An Barr Buí | | | Oráiste | Oráiste | Dearg | Oráiste | Oráiste | | | | | |
| | Stiallacha, Copróga, Gormáin (Lycaenidae) | | | | | | | | | | | |
| An Stiallach Donn* | | | | | | | Oráiste | Dearg | Dearg | Oráiste | | |
| An Chopróg Bheag | | | | Oráiste | Oráiste | Oráiste | Oráiste | Dearg | Oráiste | | | |
| An Gormán Coiteann | | | | | Oráiste | Dearg | Oráiste | Dearg | Oráiste | | | |
| An Gormán Cuilinn | | | | Oráiste | Dearg | Oráiste | Oráiste | Dearg | Oráiste | Oráiste | | |
| | Fritileáin (Nymphalidae) | | | | | | | | | | | |
| An tAimiréal Dearg | | | | Oráiste | Oráiste | Oráiste | Oráiste | Dearg | Oráiste | Oráiste | | |
| An tÁilleán | | | | Oráiste | Oráiste | Dearg | Oráiste | Dearg | Oráiste | Oráiste | | |
| An Ruán Beag | | | Oráiste | Oráiste | Oráiste | Oráiste | Oráiste | Dearg | Dearg | Oráiste | Oráiste | |
| An Phéacóg | | | Oráiste | Oráiste | Oráiste | Oráiste | Oráiste | Dearg | Oráiste | Oráiste | | |
| An Chamóg | | | Oráiste | Oráiste | Oráiste | Oráiste | Oráiste | Dearg | Oráiste | Oráiste | | |
| An Fritileán Péarlach*** | | | | Oráiste | Oráiste | Dearg | Oráiste | | | | | |
| An Fritileán Geal | | | | | | Oráiste | Dearg | Dearg | Oráiste | Oráiste | | |
| An Fritileán Réisc** | | | | | Oráiste | Dearg | Oráiste | | | | | |
| | Féileacáin Dhonna (Satyridae) | | | | | | | | | | | |
| An Breacfhéileacán Coille | | | | Oráiste | Oráiste | Dearg | Oráiste | Dearg | Oráiste | Oráiste | | |
| An Donnóg Féir | | | | | | Oráiste | Dearg | Oráiste | Oráiste | Oráiste | | |
| An Fháinneog | | | | | | Oráiste | Dearg | Oráiste | | | | |
| An Fraochán Beag | | | | | | Dearg | Oráiste | Oráiste | | | | |

* Níl siad le fáil ach in oirthear na Boirne agus timpeall ar Loch Coirib
** Sa leath thiar den tír den chuid is mó *** Teoranta d'Oirdheisceart na Gaillimhe
**Oráiste = Is féidir na féileacáin a fheiceáil**
**Dearg = An t-am is mó a mbíonn siad ag eitilt**

# *An Bhuíóg Ruibheach / Gonepteryx Rhamni*



*Creidtear go forleathan go dtagann an focal 'butterfly' i mBéarla as* ***'cuileog ar dhath an ime'****, a cheaptar gur de bharr an dath buí atá ar an mBuíóg ruibheach fireann.*

| *Ag Eitilt* | Ean | Fea | Már | Aib | Bea | Mei | Iúi | Lún | MFó | DFó | Sam | Nol |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **An Bhuíóg Ruibheach** | | | | | | | | | | | | |

## NA FÉILEACÁIN

Is gnách go mbíonn na féileacáin seo a leanas le fáil i gContae na Gaillimhe. Tá siad liostaithe de réir na fine lena mbaineann siad: An chuid atá Bán nó Pieridae (An Bhuíóg Ruibheach, An Bhánóg Mhór, An Bhánóg Bheag, An Bhánóg Uaine, An Bhánóg Barr Buí), an chuid atá Stiallach, Coprógach, Gorm nó Lycaenidae (An Stiallach Donn, An Chopróg Bheag, An Gormán Coiteann, An Gormán Cuilinn), Vanessids, Fritileánach nó Nymphalidae (An tAimiréal Dearg, An tÁilleán, An Ruán, An Phéacóg, An Chamóg, An Fritileán Péarlach, An Fritileán Geal, An Fritileán Riasc) agus an chuid atá Donn nó Satyridae (An Breacfhéileacán Coille, An Dhonnóg Féir, An Fháinneog, An Fraochán Beag). Féach ar an ngluais le haghaidh téarmaí ar leith.

---

## GNÁTHÓG

Ceantair i nGaillimh ina bhfuil na plandaí bia An Paide Bréan agus an Draighean Fearna ag fás, go hiondúil in áiteanna ina bhfuil coillearnach, fálta sceach agus scrobarnach. Ceann de na féileacáin is túisce a fheictear agus é ag eitilt ar lánluas faoi theas na gréine ar bhruach na coillearnaí. Nuair a bhíonn siad ag cúpláil, gluaiseann siad suas le chéile ar nós bíse agus ansin titeann siad isteach sa bhfásra le cúpláil.

## CUR SÍOS

### AN CEANN FÁSTA

Mór, réise sciathán: 60-74mm. Bíonn an ceann fireann gealbhuí agus dath níos éadroime ar an gceann baineann. Bíonn cruth biorach ar na sciatháin agus nuair a bhíonn siad ag ligean a scíthe bíonn na sciatháin dúnta acu, mar a bheadh duilleog ann. Bíonn spotaí beaga ar dhath na meirge ar íochtar an sciatháin.

### NA hUIBHEACHA

Bánghlas ach iompaíonn siad buí agus ina dhiaidh sin liath, agus beirtear iad in íochtar an phlanda bia, ar dheisiúr na gréine agus ar airde ar bith faoi bhun 4m.

### AN BOLB

Glas ach go mbíonn stríoca bána ar bholb atá níos fásta.

### AN PUPA

Glas agus é ar nós duilleoige cataí.

### PLANDA BIA AN LARBHA

An Paide Bréan agus an Draighean Fearna, ina áit atá foscúil agus a bhfuil aghaidh na gréine air.

### A ROGHA Ó THAOBH NEACHTAIR

Lear mór plandaí ina measc an Sabhaircín, an Caisearbhán, agus peasairí san earrach, agus an Créachtach, an Mhínscoth, an Lus Taghla agus an Odhrach Bhallach i rith an tsamhraidh.

### FUIREACH GEIMHRIDH

Déanann sé fuireach geimhridh san Eidhneán, sa gCuileann nó sna Driseacha.

### STÁDAS CAOMHNAITHE

Is beag imní.

## *An Bhánóg Mhór / Pieris Brassicae*



| *Ag Eitilt* | Ean | Fea | Már | Aib | Bea | Mei | Iúi | Lún | MFó | DFó | Sam | Nol |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **An Bhánóg Mhór** | | | | | | | | | | | | |

## GNÁTHÓG

Le fáil ar fud na Gaillimhe i réimse leathan gnáthóga, lena n-áirítear gairdíní. Eitlíonn sé go dinimiciúil agus go sciobtha nuair a bhíonn an ghrian ag taitneamh.

## CUR SÍOS

### AN CEANN FÁSTA

Mór, réise sciathán: 58-63mm. Níos mó ná an Bhánóg Bheag agus an Bhánóg Uaine. Sciatháin bhána le paiste mór dubha shíneann síos an chiumhais easnach agus an chiumhais sheachtrach den sciathán tosaigh. Is é seo an t-aon bhealach leis an mBánóg Mhór a aithint ón mBánóg Bheag. Bíonn dhá spota dubha ar na sciatháin tosaigh ar an bhféileacán baineann.

### NA hUIBHEACHA

Uibheacha buí a bheirtear i mbraislí de 60 nó níos mó ar íochtar na nduilleog.

### AN BOLB

Dath na liomóide a bhíonn ar an gcéad dá ionstár, bíonn an chuid a thagann ina dhiaidh sin dubh agus buí.

### AN PUPA

Glas nó liath agus é ag athrú le go mbeidh sé ar aon dul leis an gcúlra. Bíonn sé crochta ó shnáithe síoda ar dhromchlaí do-lúbtha, mar shampla ballaí nó fálta.

### PLANDA BIA AN LARBHA

Brasacach fiáin agus brasacach saothraithe: An Biolar Gréagáin, an Bhóchoinneal, an Searbh-bhiolar, an Biolar Uisce, an Mustard Fiáin agus speiceas brasacaigh a bhíonn saothraithe, cosúil le cabáiste.

### A ROGHA Ó THAOBH NEACHTAIR

Neart plandaí, ina measc an mhínscoth, an feochadán, an Cloigín Gorm, an Ghlasair Choille, an Caisearbhán, an Odhrach Bhallach, Cab an Ghasáin, an Lus Síoda, an Buachalán agus an Leadán Úcaire.

### FUIREACH GEIMHRIDH

Déanann sé fuireach geimhridh agus é ina phupa.

### STÁDAS CAOMHNAITHE

Is beag imní.

# An Bhánóg Bheag / Pieris Rapae



| Ag Eitilt | Ean | Fea | Már | Aib | Bea | Mei | Iúi | Lún | MFó | DFó | Sam | Nol |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Bhánóg Bheag | | | | | | | | | | | | |

## GNÁTHÓG

Tá sé le fáil ar fud na Gaillimhe i lear mór gnáthóga, gairdíní san áireamh. Tá patrún eitilte aige atá láidir, sciobtha agus beagán neamhrialta. Bíonn an Bhánóg Bheag ag eitilt cóngarach don talamh go hiondúil. Bíonn an ceann fireann ag crochadh thart ar na plandaí bia ag lorg féileacán baineann. Bíonn an féileacán baineann ag eitilt ar bhealach difriúil, ag casadh go géar nuair a bhíonn siad ag lorg neachtair agus ar bhealach níos líní agus iad ag cuardach plandaí bia leis na huibheacha a bhreith orthu.

## CUR SÍOS

### AN CEANN FÁSTA

Meánmhéid, réise sciathán: 38-57mm, ar an méid céanna leis an mBánóg Uaine. Na sciatháin uachtaracha bhána agus ciumhais dhúliath a théann síos níos faide ar chiumhais na n-easnacha ná mar théann ar an taobh amuigh. Dath buí éadrom nó bán ar íochtar na sciathán gan aon fhéitheacha. Bíonn dhá spota dubha ar sciatháin tosaigh an fhéileacáin bhaininn.

### NA hUIBHEACHA

Beireann sí uibheacha ar dhath buí éadrom, ina gceann agus ina gceann, in íochtar na duilleoige ar phlanda bia larbha.

### AN BOLB

Bánghlas agus sorcóireach.

### AN PUPA

Bíonn go leor dathanna éagsúla air ó bhánbhuí, donnbhuí go dtí liath murtallach nó buí éadrom. D'fhéadfadh sé a bheith ar an bplanda bia nó ar fhoirgnimh, fálta nó crainn.

### PLANDA BIA AN LARBHA

Brasacaigh éagsúla ar nós an Bhóchoinneal, an Mustard Fiáin, agus Biolair.

### A ROGHA Ó THAOBH NEACHTAIR

Neart plandaí, ina measc an feochadán, an Cloigín Gorm, an Ghlasair Choille, an Caisearbhán, an Odhrach Bhallach, Cab an Ghasáin, an Mínscoth, an Lus Síoda, an Buachalán agus an Leadán Úcaire.

### FUIREACH GEIMHRIDH

Déanann sé fuireach geimhridh agus é ina phupa.

### STÁDAS CAOMHNAITHE

Is beag imní.

# *An Bhánóg Uaine / Pieris Napi (Syn. Pieris Artogeia)*




*'An Sciathán Uachtarach' Grianghraf le Rosina Joyce*

| *Ag Eitilt* | Ean | Fea | Már | Aib | Bea | Mei | Iúi | Lún | MFó | DFó | Sam | Nol |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Bhánóg Uaine | | | | | | | | | | | | |

## GNÁTHÓG

Le fáil ar fud na Gaillimhe i réimse leathan gnáthóga. Is fearr leis an mBánóg Uaine áiteanna atá tais agus ina bhfuil fásra méith. Tá stíl eitilte luaineach agus pointeáilte aici.

## CUR SÍOS

### AN CEANN FÁSTA

Meánmhéid, réise sciathán: 40-52mm, ar an méid céanna leis an mBánóg Bheag. Tá barr na sciathán cruinn. Níl aon fhéileacán eile a bhfuil féith ghlas fheiceálach ar íochtar an sciatháin cúil.

### NA hUIBHEACHA

Beireann sí uibheacha bána, ina gceann agus ina gceann, in íochtar na duilleoige ar an bplanda bia.

### AN BOLB

Glas agus ceilte go maith.

### AN PUPA

Glas le marcanna 'dóite' donn éadrom agus faightear é ar ghais plandaí tirime i bhfásra dlúth píosa amach ó phlanda bia an larbha.

### PLANDA BIA AN LARBHA

Brasacach fiáin: An Searbh-bhiolar Casta, an Biolar Gréagáin, an Phraiseach Bhuí agus Lus an Óir.

### A ROGHA Ó THAOBH NEACHTAIR

Neart plandaí, ina measc an Caisearbhán, an Cloigín Gorm, an Ghlasair Choille, Cam an Ime, an Lus Síoda, an Buachalán, an Coireán Coilleach, Feochadáin, Peasairí chomh maith le bláthanna a fhásann sa ghairdín.


### FUIREACH GEIMHRIDH

Déanann sé fuireach geimhridh agus é ina phupa.

### STÁDAS CAOMHNAITHE

Is beag imní.

# An Barr Buí
# / Anthocharis Cardamines



An Sciathán Íochtarach

An Bolb

| Ag Eitilt | Ean | Fea | Már | Aib | Bea | Mei | Iúi | Lún | MFó | DFó | Sam | Nol |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Barr Buí | | | | | | | | | | | | |

## GNÁTHÓG

Le fáil ar fud na Gaillimhe i ngnáthóga taise a bhfuil bláthanna iontu ar nós féaraigh fhliuch nach bhfuil aon leasú curtha air, lagphortaigh a bhfuil fásra iontu, eanaigh, bruacha fálta, réitigh coillearnacha taise agus bruacha abhann. Bíonn an Barr Buí ag pórú i ngairdíní agus i bpáirceanna nuair a bhíonn an planda bia le fáil ann. Bíonn an chuid fireann ar patról feadh na ngnéithe líneacha ar nós sceacha thart ar 1m ar airde.

## CUR SÍOS

### AN CEANN FÁSTA

Meánmhéid, réise sciathán: 40-52mm. Ar an méid céanna leis an mBánóg Uaine agus leis an mBánóg Bhán. Is ceann de thréithe ar leith an fhéileacáin fhirinn iad na sciatháin a bhfuil barr oráiste agus ciumhais dhubh orthu. Tá barr dubh ar sciatháin an fhéileacáin bhaininn freisin ach amháin nach bhfuil aon dath oráiste orthu. Tá íochtar na sciathán breacghlas i gcás an dá ghnéas.

### NA hUIBHEACHA

Dath sórt bánghlas atá ar na huibheacha ach go n-iompaíonn siad oráiste. Beirtear iad ina gceann agus ina gceann thíos faoi bhláth an phlanda bia.

### AN BOLB

Tá dath sórt glas air agus stríoca cliathánach buí nó bán.

### AN PUPA

Bíonn sé glas i dtosach ach de réir a chéile iompaíonn sé níos doinne agus dá bhrí sin bíonn sé duaithnithe go maith agus é cosúil le sceach nó faighneog.

### PLANDA BIA AN LARBHA

An Bhóchoinneal, an Biolar Gréagáin agus brasacaigh fiáine eile: Sna gairdíní freisin an Feascarlus, Ruacán agus Sailchuach na Gealaí. Moltar gan fásra a ghearradh nó a struimeáil roimh mhí Iúil má tá plandaí bia ann.

### A ROGHA Ó THAOBH NEACHTAIR

An tSailchuach agus an Caisearbhán i mí Aibreáin agus an Biolar Gréagáin, an Cloigín Gorm, an Lus Síoda agus an Pheasair Fhiáin i mí na Bealtaine.

### FUIREACH GEIMHRIDH

Déanann sé fuireach geimhridh agus é ina phupa.

### STÁDAS CAOMHNAITHE

Is beag imní.

# *An Stiallach Donn / Thecla Betulae*



| *Ag Eitilt* | Ean | Fea | Már | Aib | Bea | Mei | Iúi | Lún | MFó | DFó | Sam | Nol |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Stiallach Donn* | | | | | | | | | | | | |

## GNÁTHÓG
Ní fhaightear é ach i gceantair aolchloiche na Boirne agus i gceantair cosúil leo i gContaetha an Chláir agus na Gaillimhe agus timpeall Loch Deirge i gContae Thiobraid Árann. Níl sé éasca an Stiallach Donn a fheiceáil de bharr go gcaitheann sé an chuid is mó dá chuid ama ag eitilt i gceannbhrat crainn áit a maireann sé ar dhrúchtín meala agus sú na haifide.

## CUR SÍOS

### AN CEANN FÁSTA
Meánmhéid, réise sciathán: 36-45mm. Féileacán donn le bandaí oráiste agus stríocaí bána ar an gcuid faoin sciathán. Tá cineál 'eireaball' suaithinseach oráiste ar na sciatháin deiridh.

### NA hUIBHEACHA
Uibheacha bána a bheirtear ina gceann agus ina gceann ar phlandaí bia.

### AN BOLB
Glas agus gruagach i dtosach ach athraíonn sé ina dhiaidh sin nó go mbíonn sé idir donn agus corcra.

### AN PUPA
Donnbhreac agus beagán gruagach.

### PLANDA BIA AN LARBHA
Draighean óg a fhásann cóngarach don talamh.

### A ROGHA Ó THAOBH NEACHTAIR
Maireann sé den chuid is mó ar dhrúchtín meala agus sú na haifide ach tógfaidh sé neachtar ón Dris, ón Odhrach Bhallach, an Chnáib Uisce, an Feabhrán, an Gallfheabhrán, an Buachalán, feochadáin, an oragán fiáin, an Mealbhacán agus an Mismín Dearg.

### FUIREACH GEIMHRIDH
Déanann sé fuireach geimhridh agus é ina ubh.

### STÁDAS CAOMHNAITHE
Is beag imní.

# An Chopróg Bheag / Lycaena Phlaeas



An Sciathán Uachtarach

*'An Sciathán Uachtarach' Grianghraf le Rosina Joyce*

| *Ag Eitilt* | Ean | Fea | Már | Aib | Bea | Mei | Iúi | Lún | MFó | DFó | Sam | Nol |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Chopróg Bheag | | | | | | | | | | | | |

## GNÁTHÓG

Ar fud na Gaillimhe ach ar fhéarach atá tirim agus nach bhfuil feabhsaithe, dumhcha liath cósta, talamh ata fágtha ina bhán nó portach réitithe den chuid is mó. Bíonn an Chopróg Bheag ag eitilt go sciobtha agus go snagach os cionn talamh oscailte go háirithe áit a bhfuil paistí loma le luibheanna íseal scaipthe anseo agus ansiúd, ach ní dhéanfaidh siad é seo mura bhfuil an ghrian ag taitneamh. Bíonn siad á ngrianadh féin freisin ar bhláthanna cosúil leis an Nóinín Mór. Moltar gan leasú a chur ar thalamh féaraigh agus gan an féar a ghearradh i lár an tsamhraidh.

## CUR SÍOS

### AN CEANN FÁSTA

Beag, réise sciathán 26-36mm. Na sciatháin tosaigh ar dhath an chopair agus spotaí agus ciumhais dhubha orthu. Tá an chuid faoin sciathán mar an gcéanna agus tá an sciathán cúil liath.

### NA hUIBHEACHA

Beireann sí uibheacha atá idir liath agus bán, ina gceann agus ina gceann, in íochtar na duilleoige ar an bplanda bia.

### AN BOLB

Glas le droim bándearg agus stríocaí cliathánacha.

### AN PUPA

Donn éadrom le spotaí dubha.

### PLANDA BIA AN LARBHA

An Samhradh Caorach agus an Samhradh Coiteann ar thalamh neodrach agus an Chopóg Sráide ar thalamh aigéadach.

### A ROGHA Ó THAOBH NEACHTAIR

Maireann sé ar lear mor plandaí, ina measc an Biolar Gréagáin, an Nóinín Mór, an Mínscoth Coiteann, an tSeamair Dhearg, an Dris, Fraoch, an Mismín Uisce, Cam an Ime, an Caisearbhán, lus na seabhac, nóiníní, an Buachalán, feochadáin, an t-Athair Talún, agus Lusanna.

### FUIREACH GEIMHRIDH

Déanann sé fuireach geimhridh agus é ina larbha.

### STÁDAS CAOMHNAITHE

Is beag imní.

# *An Gormán Coiteann / Polyommatus Icarus*




| *Ag Eitilt* | Ean | Fea | Már | Aib | Bea | Mei | Iúi | Lún | MFó | DFó | Sam | Nol |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Gormán Coiteann | | | | | | | | | | | | |

## GNÁTHÓG

Tá sé le fáil i gceantair ghrianmhara ar féaraigh atá tirim, lena n-áirítear talamh dramhaíola, cairéil agus gairdíní ina bhfuil bláthanna dúchasacha, ina measc an planda bia larbha, an Crobh Éin. Bíonn an Gormán Coiteann ag eitilt cóngarach don talamh ar bhealach neamhrialta. (Bíonn an Gormán Cuilinn ag eitilt go hard ar bharr toir agus crainn.)

## CUR SÍOS

### AN CEANN FÁSTA

Beag, réise sciathán 29-36mm. Dath gorm dorcha atá ar uachtar an dá sciathán agus tá ciumhais bhán orthu. (Ciumhais sheicear dubh agus bán atá ar an nGormán Cuilinn.) Tá spotaí oráiste ar an gceann baineann, ar imeall seachtrach a sciatháin uachtarach. Tá spotaí dubha agus marcanna oráiste i gcruth corráin ar an gcuid faoin sciathán ar na féileacán fireann agus baineann araon. (Níl aon dath oráiste ar an nGormán Cuilinn.)

### NA hUIBHEACHA

Uibheacha ar dhath glas éadrom agus beirtear iad ina gceann agus ina gceann ar phlandaí bia.

### AN BOLB

Bolb glas an-bheag le cloigeann dubh agus stríoca tanaí buí cliathánach ag teacht air.

### AN PUPA

Glasbhuí agus cruinn ar a bhun agus a bharr.

### PLANDA BIA AN LARBHA

Crobh éin den chuid is mó agus léagúim ar nós dúmheidic agus seamair scaití.

### A ROGHA Ó THAOBH NEACHTAIR

Plandaí dúchasacha éagsúla ina measc an Crobh Éin, an Ghlasair Choille, An Lus, Méara Mhuire, péasair eile, mínscothanna, Oragán, an Buachalán, feochadáin, Tím agus an tSeamair Bhán.

### FUIREACH GEIMHRIDH

Déanann sé fuireach geimhridh agus é ina larbha.

### STÁDAS CAOMHNAITHE

Is beag imní.

# *An Gormán Cuilinn / Celastrina Argiolus*



*Grianghraf le Rosina Joyce*

| *Ag Eitilt* | Ean | Fea | Már | Aib | Bea | Mei | Iúi | Lún | MFó | DFó | Sam | Nol |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Gormán Cuilinn | | | | | | | | | | | | |

## GNÁTHÓG

Le feiceáil i nGaillimh anois agus arís. Is é an speiceas gorm is minice a fheictear i ngairdíní cathracha, go hiondúil in áit a bhfuil cuileann ag fás. Bíonn sé ag eitilt go hard timpeall ar bharr toir agus crainn i gceantair a bhfuil crainn iontu agus feadh fálta sceach. (Bíonn an Gormán Coiteann ag eitilt cóngarach don talamh.)

## CUR SÍOS

### AN CEANN FÁSTA

Beag, réise sciathán 26-34mm. Féileacán gorm le banda leathan dúghorm ar sciathán uachtarach na bhféileacán baineann agus banda caol níos doiléire ar an gceann fireann. Tá patrún seicear dubh agus bán ar chiumhais a sciatháin. (Ar an nGormán Coiteann tá ciumhais an sciatháin bán ar fad.) Tá an chuid faoin sciathán bánghorm agus spotaí dubha air. Níl aon spotaí oráiste air, ní hionann agus an Gormán Coiteann.

### NA hUIBHEACHA

Beirtear na huibheacha atá scothghlas-bán ina gceann agus ina gceann ag bun bachlóige blátha nár oscail fós ar an bplanda bia.

### AN BOLB

Bíonn an bolb bán i dtús ama, athraíonn siad go dtí glas éadrom, ansin go gléghlas agus ansin faigheann siad imir den bhándearg, scaití le stríoca droma marún.

### AN PUPA

Bíonn cruth cruinn ar an bpupa agus dath éadrom idir bándearg agus donn air le bíonn marcanna dubha.

### PLANDA BIA AN LARBHA

Cuileann agus eidhneán. Beirtear uibheacha an chéad ghlúin díreach faoi bhun na mbláthanna Cuilinn nár oscail fós nó ar chaora úra agus maireann an dara glúin ar Eidhneán. Níor cheart eidhneán atá faoi bhláth a ghearradh.

### A ROGHA Ó THAOBH NEACHTAIR

Plandaí dúchasacha éagsúla ina measc an Dris, an Ghlasair Choille, cam an ime, an Lus Míonla, Cuileann, Eidhneán, Pribhéad, feochadáin, agus drúcht meala na haifide.

### FUIREACH GEIMHRIDH

Déanann sé fuireach geimhridh ag bun planda agus é ina phupa.

### STÁDAS CAOMHNAITHE

Is beag imní.

# An tAimiréal Dearg / Vanessa Atalanta



An Sciathán Íochtarach

| *Ag Eitilt* | Ean | Fea | Már | Aib | Bea | Mei | Iúi | Lún | MFó | DFó | Sam | Nol |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An tAimiréal Dearg | | | | | | | | | | | | |

## GNÁTHÓG

Tá sé le fáil ar fud na Gaillimhe i réimse leathan gnáthóga, go háirithe in áiteanna a bhfuil bláthanna agus neantóga ag fás. Is imirceach coitianta ó mhór-roinn na hEorpa é an tAimiréal Dearg. Bíonn sé ag eitilt go sciobtha, neamhrialta agus is minic a fheictear é á ghrianadh féin faoi theas na gréine ar bhláthanna nó ar dhromchlaí teo cosúil le ballaí.

## CUR SÍOS

### AN CEANN FÁSTA

Mór, réise sciathán: 64-78mm.
Tá bandaí dearga leathana ar an sciathán uachtarach a thrasnaíonn a sciathán dubh. Tá spotaí bána in aice le barr na sciathán tosaigh. Tá an chuid faoin sciathán breacdhonn, dubh agus liath cosúil le duilleog feoite.

### NA hUIBHEACHA

Beirtear na huibheacha ina gceann agus ina gceann ar uachtar duilleoige.

### AN BOLB

Sníomhann na boilb ‘pubaill’ timpeall orthu féin agus ceanglaíonn siad duilleog ina dtimpeall. Tá siad dubh le stríoca buí cliathánach agus spíonta.

### AN PUPA

Scothdhearg-liath, go minic le blás púdrach agus spotaí óir miotalacha.

### PLANDA BIA AN LARBHA

An Neantóg Loiscneach.

### A ROGHA Ó THAOBH NEACHTAIR

Cothaíonn sé é féin ar phlandaí éagsúla ina measc an Dris, an Chnáib Uisce, Pribhéad, an Leadán Úcaire agus feochadáin, chomh maith le sú na gcrann agus torthaí atá ró-aibí.

### FUIREACH GEIMHRIDH

Déanann sé fuireach geimhridh agus é fásta ach ní fhanann sé in Éirinn go hiondúil sa ngeimhreadh. Déanann sé imirce go mór-roinn na hEorpa.

### STÁDAS CAOMHNAITHE

Is beag imní.

# *An tÁilleán / Vanessa Cardui*




| *Ag Eitilt* | Ean | Fea | Már | Aib | Bea | Mei | Iúil | Lún | MFó | DFó | Sam | Nol |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An tÁilleán | | | | | | | | | | | | |

## GNÁTHÓG

Le fáil ar fud na Gaillimhe i réimse leathan gnáthóga. Speiceas imirceach ón Afraic Thuaidh agus ón Mheánoirthear. Tá bealach eitilte cumhachtach agus sciobtha aige.

## CUR SÍOS

### AN CEANN FÁSTA

Mór, réise sciathán: 58-74mm. Dath idir dearg agus oráiste agus spotaí bána in aice le barr na sciathán tosaigh. Níl na bandaí dearga air atá ar an Aimiréal Dearg. Tá íochtar an sciatháin ar dhath an bhradáin agus 'súilbhaill' ar chiumhais an sciatháin cúil.

### NA hUIBHEACHA

Beirtear na huibheacha glasa ina gceann agus ina gceann ar uachtar duilleoige.

### AN BOLB

Dubh agus gruagach.

### AN PUPA

Liath atá cineál bándearg agus tá dromlaigh air.

### PLANDA BIA AN LARBHA

Feochadáin den chuid is mó ach is féidir cothú a fháil ó neantóga agus ón Lus Nathrach freisin.

### A ROGHA Ó THAOBH NEACHTAIR

Lear mór plandaí, ina measc feochadáin, an Crobh Éin, Lus na Seabhac, fraoch, Eidhneán, mínscothanna, Pribhéad, an Buachalán, an Odhrach Bhallach agus an tSeamair Dhearg.

### FUIREACH GEIMHRIDH

Níl an tAilleán in ann fuireach geimhridh a dhéanamh in Éirinn. Téann sé ar imirce ó dheas chomh fada leis an Afraic fho-Shahárach agus filleann sé ar an Eoraip san earrach.

### STÁDAS CAOMHNAITHE

Is beag imní.

# An Ruán Beag
# / Aglais Urticae



An Bolb

| *Ag Eitilt* | Ean | Fea | Már | Aib | Bea | Mei | Iúi | Lún | MFó | DFó | Sam | Nol |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Ruán Beag | | | | | | | | | | | | |

## GNÁTHÓG
Tá sé le fáil ar fud na Gaillimhe i lear mór gnáthóga, gairdíní san áireamh. Bíonn an Ruán Beag ag eitilt ar bhealach sciobtha, neamhrialta agus é ag gluaiseacht de sciotán i measc na mbláth.

## CUR SÍOS

### AN CEANN FÁSTA
Féileacán ildaite a bhfuil bandaí dubha agus buí ar a sciathán tosaigh agus spotaí gorma ar chiumhais easnacha an sciatháin. Dath dorcha atá in íochtar an sciatháin ach go bhfuil sé breactha beagán níos gile in áiteanna.

### NA hUIBHEACHA
Beirtear thart ar 80 ubh ghlas ina gcnuasaigh in íochtar na duilleoige ar an bplanda bia.

### AN BOLB
Tosaíonn sé amach donnghlas agus bíonn an cloigeann agus an fionnadh dubh. De réir mar a bhíonn sé ag fás, éiríonn sé níos dorcha agus tagann na stríoca buí sainiúla ar a thaobhanna. Bíonn na boilb ina gcónaí le chéile, go minic taobh istigh de líon a shníomhann siad féin ar neantóga, agus bogann siad in éineacht go dtí plandaí nua.

### AN PUPA
Donn agus loinnir mhiotalach air.

### PLANDA BIA AN LARBHA
An Neantóg loiscneach, an chuid óg go háirithe, agus plandaí nach dtagann bláth orthu i bpaiste ar aghaidh na gréine san áit a bhfuil na neantóga.

### A ROGHA Ó THAOBH NEACHTAIR
Lear mór plandaí, ina measc an Caisearbhán, an Sabhaircín, an Hiasaint Fíonchaoire, an tSailchearnach agus an tSaileach Liath. An Dris, an Odhrach Bhallach, lus na seabhac, fraoch, an Chnáib Uisce, Eidhneán, mínscothanna, Orgán, Pribhéad, An Buachalán, feochadáin, Tím, agus mismín Dearg sa samhradh. Nóinín Mhichíl agus an Géineas sna gairdíní i ndeireadh an tsamhraidh.

### FUIREACH GEIMHRIDH
Déanann sé fuireach geimhridh agus é fásta, go minic i seideanna agus i dtithe.

### STÁDAS CAOMHNAITHE
Is beag imní.

## *An Phéacóg / Inachis Io*



| *Ag Eitilt* | Ean | Fea | Már | Aib | Bea | Mei | Iúi | Lún | MFó | DFó | Sam | Nol |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Phéacóg | | | | | | | | | | | | |

## GNÁTHÓG
Le fáil ar fud na Gaillimhe i réimse leathan gnáthóga, go hiondúil faoin tuath go háirithe ar bhruach na n-áiteanna a bhfásann crainn nó i réitigh, chomh maith le gairdíní.

## CUR SÍOS

### AN CEANN FÁSTA
Mór, réise sciathán: 63-75mm. Féileacán ildaite le 'súile' gorma feiceálacha ar bharr gach ceann de na sciatháin tosaigh, cosúil leis an súilbhall a bhíonn ar chleití Péacóige. Tá an chuid faoin sciathán an-dorcha, cosúil le duilleog feoite.

### NA hUIBHEACHA
Beireann sí uibheacha glasa ina gcnuasaigh in íochtar na duilleoige gar do bharr an phlanda bia.

### AN BOLB
Nuair a thagann sé amach i dtosach bíonn dath éadrom buí air agus sníomhann sé líon chun na duilleoga a tharraingt ina chéile. Ina dhiaidh sin iompaíonn sé dubh agus bíonn dromlaigh air agus ar deireadh thiar tagann spotaí bána air.

### AN PUPA
Bíonn dath glas agus dromlaigh air ar nós mar atá ar phupa an Ruáin Bhig.

### PLANDA BIA AN LARBHA
An Neantóg Loiscneach in áit atá ar dheisiúr na gréine. Níor cheart neantóga a struimeáil ná a spraeáil.

### A ROGHA Ó THAOBH NEACHTAIR
Go leor cineálacha plandaí. Bíonn an Phéacóg á cothú féin ar an gCaisearbhán, an tSaileach Liath agus an Gallán Mór san earrach; ar an Sceach Gheal i ndeireadh an earraigh, agus ar an Mínscoth Choiteann, an Leadán Úcaire, an fraoch agus an Odhrach Bhallach sa samhradh.

### FUIREACH GEIMHRIDH
Déanann sé fuireach geimhridh agus é fásta i gcarnáin adhmaid, i gcuas crainn agus i seideanna.

### STÁDAS CAOMHNAITHE
Is beag imní.

# *An Chamóg / Polygonia C-Album*



***An Sciathán Uachtarach***

| *Ag Eitilt* | Ean | Fea | Már | Aib | Bea | Mei | Iúi | Lún | MFó | DFó | Sam | Nol |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Chamóg | | | | | | | | | | | | |

## GNÁTHÓG

Tháinig an Chamóg go hÉirinn sa bhliain 2000 nuair a shroich sí Contae Loch Garman mar imirceach agus tá sí tar éis scaipeadh ar fud na hÉireann ó shin. Ó 2014 i leith, is imirceach chomh maith le cónaitheoir atá inti. Tá sí le fáil i gContae na Gaillimhe ar bhruacha na gcoillearnach, i bhfálta sceach agus scrobarnach, agus i bpáirceanna agus i ngairdíní. Bíonn a n Chamóg ag eitilt ar bhealach sciobtha, neamhrialta.

## CUR SÍOS

### AN CEANN FÁSTA

Mór, réise sciathán: 50-64mm. An t-aon fhéileacán in Éirinn a bhfuil ciumhais scolbáilte ar a sciatháin. Patrún breac, oráiste agus donn agus cruth cosúil le camóg bhán ar an gcuid faoin sciathán cúil.

### NA hUIBHEACHA

Beirtear na huibheacha ina gceann agus ina gceann, in aice le dromchla uachtarach duilleoige ar bharr an phlanda bia. Bíonn siad glas i dtosach, ansin buí agus ar deireadh liath.

### AN BOLB

Donn den chuid is mó, le spotaí beaga bána, dubha agus oráiste agus dromlaigh a chuidíonn iad a cheilt, mar go mbreathnaíonn siad ar nós salachair éin.

### AN PUPA

Idir bándearg éadrom agus donnbhuí, mar a bheadh duilleog thirim ann.

### PLANDA BIA AN LARBHA

An Neantóg Loiscneach ar thalamh atá tais. Níor cheart neantóga a struimeáil ná a spraeáil.

### A ROGHA Ó THAOBH NEACHTAIR

Go leor cineálacha plandaí. Bíonn an Chamóg á beathú féin ar an tsaileach, an Grán Arcáin agus an caisearbhán san earrach, ar dhriseacha i lár an tsamhraidh, agus ar fheochadáin, ar an Odhrach Bhallach, agus ar phlandaí oighir sna gairdíní ag deireadh an tsamhraidh agus sa bhfómhar.

### FUIREACH GEIMHRIDH

Déanann sé fuireach geimhridh agus é fásta i gcarn duilleog. Tá sé tábhachtach dá bhrí sin ligean do dhuilleoga bailiú sna gairdíní.

### STÁDAS CAOMHNAITHE

Níl measúnú déanta.

# An Fritileán Péarlach / Boloria Euphrosyne



Grianghraf le Jesmond Harding

| *Ag Eitilt* | Ean | Fea | Már | Aib | Bea | Mei | Iúi | Lún | MFó | DFó | Sam | Nol |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Fritileán Péarlach*** | | | | | | | | | | | | |

## GNÁTHÓG

Faightear é in Oirdheisceart na Gaillimhe agus in Oileáin Árann i réitigh foraoise féarmhara, ar thalamh féaraigh aolchloiche nár cuireadh aon fheabhas air agus ar leaca aolchloiche. Bíonn sé ag eitilt go beo cóngarach don talamh.

## CUR SÍOS

### AN CEANN FÁSTA

Meánmhéid, réise sciathán: 38-47mm. Dath oráiste dorcha le spotaí dubha ar an sciathán uachtarach. Tá sraith suntasach de 'phéarlaí' bána ar chiumhais an sciatháin deiridh, thíos faoin sciathán.

### NA hUIBHEACHA

Beirtear na huibheacha a bhfuil dath glas orthu ina gceann agus ina gceann, in íochtar na nduilleog ar an bplanda bia.

### AN BOLB

Dubh agus dromlaigh bán nó buí ar an droim.

### AN PUPA

Donn agus spotaí mhiotalacha ar dhath an airgid air.

### PLANDA BIA AN LARBHA

An tSailchuach chon.

### A ROGHA Ó THAOBH NEACHTAIR

Neart plandaí, ina measc an Chrobh Éin, an Ghlasair Choille, cam an ime, an Cloigín Gorm, an Caisearbhán, Lus na Seabhac, an Buachalán, an Lus Síoda, an Duán Ceannchosach, feochadáin agus an Néalfartach.

### FUIREACH GEIMHRIDH

Déanann sé fuireach geimhridh agus é ina larbha.

### STÁDAS CAOMHNAITHE

I mBaol.

# *An Fritileán Geal / Argynnis Paphia*



| *Ag Eitilt* | Ean | Fea | Már | Aib | Bea | Mei | Iúi | Lún | MFó | DFó | Sam | Nol |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Fritileán Geal | | | | | | | | | | | | |

## GNÁTHÓG

Faightear é ar fud na Gaillimhe i réitigh foraoise féaraigh, i ngairdíní agus i bpáirceanna sna cathracha. Bíonn an ceann fireann ag cosaint a limistéar féin agus é ag eitilt go fíorlánach. Bíonn an ceann baineann ag eitilt i líne dhíreach. Déanann an ceann fireann deasghnáth suirí agus é ag eitilt go lúbach timpeall ar an bhféileacán baineann. Tá sé tábhachtach plandaí ionracha cosúil leis an Róslabhras agus an Labhras a choinneáil faoi smacht mar go ndéanann siad scáthú ar na coillearnacha dúchasacha.

## CUR SÍOS

### AN CEANN FÁSTA

Mór, réise sciathán: 69-80mm. Is é an Fritileán Geal an féileacán is mó dá bhfuil againn. Tá dath geal oráiste air agus spotaí dorcha ar na sciatháin uachtaracha atá biorach, tá an chuid faoi na sciatháin cúil bánghlas le stríocaí airgid.

### NA hUIBHEACHA

Beirtear ubh amháin nó níos mó ar an taobh de stoc crainn a bhfuil scáth aige, ag airde 1m nó níos mó, gan a bheith níos faide ná 2m ón bplanda bia.

### AN BOLB

Idir donn agus dubh agus dromlaigh air.

### AN PUPA

Donn éadrom mar a bheadh duilleog ann.

### PLANDA BIA AN LARBHA

Sailchuacha, go háirithe an tSailchuach chon.

### A ROGHA Ó THAOBH NEACHTAIR

Go leor plandaí éagsúla ina measc an Dris, an Lus, mínscothanna, an Pribhéad, an Buachalán, feochadáin agus Mismín Dearg.

### FUIREACH GEIMHRIDH

Déanann sé fuireach geimhridh agus é ina larbha.

### STÁDAS CAOMHNAITHE

Is beag imní.

# *An Fritileán Réisc / Euphydryas Aurinia*



| *Ag Eitilt* | Ean | Fea | Már | Aib | Bea | Mei | Iúi | Lún | MFó | DFó | Sam | Nol |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Fritileán Réisc** | | | | | | | | | | | | |

## GNÁTHÓG

Is é an Fritileán Réisc an t-aon fheithid ag a bhfuil cosaint aige in Éirinn agus tugtar cosaint dó faoi Threoir an AE maidir le Gnáthóga. Tá sé le fáil ar fud na Gaillimhe, ach ní bhíonn sé ach i ngnáthóga ar leith. Is fearr leis féarach fliuch, dumhcha cois cósta, machairí agus portaigh réitithe. Eitilt réasúnta lag atá ag an bhféileacán seo agus ní bhíonn sé ag eitilt ach amháin nuair a bhíonn an ghrian ag taitneamh. Is féidir é a fheiceáil á ghrianadh féin nó ag fáil beatha ó na bláthanna.

## CUR SÍOS

### AN CEANN FÁSTA

Meánmhéid, réise sciathán: 35-50mm. Féileacán ildaite a bhfuil patrún oráiste agus bánbhuí ar a sciathán uachtarach agus bandaí uilleacha bánbhuí agus oráiste ar an gcuid faoin sciathán cúil.

### NA hUIBHEACHA

Uibheacha buí a bheirtear i mbaisceanna móra ar íochtar an phlanda bia in aice le toim féir ar nós fionnán nó Aiteann, fraoch nó raideog.

### AN BOLB

Dúdhonn nó dubh le banda de spotaí bána. Sníomhann an bolb líon ar na duilleoga san áit a mbíonn sé á bheathú féin.

### AN PUPA

Liath éadrom le sraitheanna de spotaí gealbhuí.

### PLANDA BIA AN LARBHA

An Odhrach Bhallach.

### A ROGHA Ó THAOBH NEACHTAIR

Neart plandaí, ina measc an Ghlasair Choille, cam an ime, an Biolar Gréagáin, an Caisearbhán, Lus na Seabhac, mínscothanna, an Lus Síoda, feochadáin agus an Néalfartach.

### FUIREACH GEIMHRIDH

Déanann sé fuireach geimhridh agus é ina larbha.

### STÁDAS CAOMHNAITHE

Leochaileach.

# An Breacfhéileacán Coille / Pararge Aegeria



| Ag Eitilt | Ean | Fea | Már | Aib | Bea | Mei | Iúi | Lún | MFó | DFó | Sam | Nol |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Breacfhéileacán Coille | | | | | | | | | | | | |

## GNÁTHÓG

Faightear é ar fud na Gaillimhe i gcoillte, foraoiseacha le féar iontu, i réitigh, i bhfálta sceach, i bpáirceanna sna cathracha agus i ngairdíní. Suíonn an ceann fireann in áiteanna grianmhara agus téann sé i mbun troda lena namhaid agus é ag eitilt go tapa, neamhrialta. Tá siad an-chosantach faoina limistéar agus is minic iad ag eitilt suas san aer go bíseach agus iad i gcoimhlint. Is gnách leis an gceann baineann a bheith ag eitilt níos airde i gceannbhrat na gcrann.

## CUR SÍOS

### AN CEANN FÁSTA

Meánmhéid, réise sciathán: 46-56mm. Sciatháin dorcha, donnrua agus tá marcanna bánbhuí agus ciumhais bhán ar an sciathán uachtarach. Tá súilbhall amháin ar an gcuid faoin sciathán in aice le barr an sciatháin tosaigh. Dath idir donn éadrom agus liath atá ar an sciathán cúil.

### NA hUIBHEACHA

Beireann sí uibheacha bánbhuí, ina gceann agus ina gceann, ar an bplanda bia.

### AN BOLB

Glas éadrom le stríocaí buí.

### AN PUPA

Glas éadrom.

### PLANDA BIA AN LARBHA

Cineálacha éagsúla féir.

### A ROGHA Ó THAOBH NEACHTAIR

Maireann an féileacán fásta den chuid is mó ar dhrúchtín meala nó ar shú na haifide, ach tógann sé neachtar freisin ón Dris, an Biolar Gréagáin, an Caisearbhán, an Lus, an Pribhéad agus An Buachalán.

### FUIREACH GEIMHRIDH

Déanann sé fuireach geimhridh agus é ina larbha nó ina phupa.

### STÁDAS CAOMHNAITHE

Is beag imní.

# An Donnóg Fhéir / Maniola Jurtina




| Ag Eitilt | Ean | Fea | Már | Aib | Bea | Mei | Iúi | Lún | MFó | DFó | Sam | Nol |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Donnóg Fhéir | | | | | | | | | | | | |

## GNÁTHÓG

Le fáil ar fud na Gaillimhe i ngnáthóga éagsúla féaraigh áit a bhfuil an bháinseach ard nó ar mhéanairde. Tá sé le fáil feadh na gcóstaí, ar aolchloch, ar eiscir, i gcairéil agus ar phortaigh réitithe agus freisin i réitigh i gcoillearnacha, i mbruacha fálta, i bpáirceanna agus i ngairdíní. Bíonn an Dhonnóg Fhéir ag eitilt go híseal agus ar foluain agus feictear í ag eitilt fiú ar lá scamallach.

## CUR SÍOS

### AN CEANN FÁSTA

Meánmhéid, réise sciathán: 40-60mm. Níos mó ná an Fraochán Beag. Dath donn éadrom atá ar na sciatháin uachtaracha ar an bhFraochán Beag. Tá paiste oráiste geal ar an gceann baineann in aice le barr an sciatháin tosaigh agus tá súilbhall mór amháin ar an dá ghnéas le mac imrisc bán ar gach ceann de na sciatháin tosaigh. Tá an chuid faoin sciathán mar an gcéanna ar an dá cheann le spota leathan oráiste agus súilbhall amháin ag an mbarr. Bíonn siad á ngrianadh féin go hiondúil agus na sciatháin oscailte acu.

### NA hUIBHEACHA

Uibheacha buí a bheirtear ar shoip féir ina gceann agus ina gceann nó uaireanta níos mó ná ceann amháin.

### AN BOLB

Glas agus gruagach le stríoca cliathánach buí.

### AN PUPA

Glas le dhá stríoca donnchorcra.

### PLANDA BIA AN LARBHA

Cineálacha éagsúla féir.

### A ROGHA Ó THAOBH NEACHTAIR

Réimse leathan plandaí, lena n-áirítear neantóga, an Mínscoth Choiteann, an Dris, Cam an Ime, an Odhrach Bhallach, an Lus, an Chnáib Uisce, Oragán, an Pribhéad, an Buachalán, an Duán Ceannchosach, An Leadán Úcaire agus an Athair Thalún.

### FUIREACH GEIMHRIDH

Déanann sé fuireach geimhridh agus é ina larbha.

### STÁDAS CAOMHNAITHE

Is beag imní.

# An Fháinneog / Aphantopus Hyperantus



An Sciathán Uachtarach

'An Sciathán Uachtarach' Grianghraf le Rosina Joyce

| Ag Eitilt | Ean | Fea | Már | Aib | Bea | Mei | Iúi | Lún | MFó | DFó | Sam | Nol |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Fháinneog | | | | | | | | | | | | |

## GNÁTHÓG

Le fáil ar fud na Gaillimhe ar chineálacha éagsúla talamh féaraigh lena n-áirítear talamh atá tirim, fliuch agus feabhsaithe agus talamh nach bhfuil feabhsaithe, ar imill na bpáirceanna agus fiú amháin sna cathracha. Bíonn an fháinneog ag preabadh thart go híseal agus í ag eitilt. Murab ionann agus an chuid is mó de na féileacáin, is féidir í a fheiceáil ag eitilt nuair a bhíonn sé scamallach agus fiú agus báisteach éadrom ann.

## CUR SÍOS

### AN CEANN FÁSTA

Meánmhéid, réise sciathán: 42-52mm. Féileacán donn ar fad le ciumhais bhán ar imeall na sciathán agus súilbhaill thuas in uachtar rinne an sciatháin tosaigh. Tá súilbhaill i gcruth fáinní ar an gcuid faoin sciathán agus é bán ina lár. Tá an ceann fireann agus an ceann baineann mar an gcéanna.

### NA hUIBHEACHA

Bíonn na huibheacha idir bánbhuí agus donn éadrom agus beirtear iad ina gceann agus ina gceann ag bun an phlanda bia.

### AN BOLB

Béasa le stríoca cliathánach agus stríoca donn ar a dhroim, é clúdaithe le coinleach.

### AN PUPA

Donnbhuí éadrom le marcanna dorcha, cloigeann maol agus bolg biorach.

### PLANDA BIA AN LARBHA

Cineálacha éagsúla féir.

### A ROGHA Ó THAOBH NEACHTAIR

Plandaí éagsúla, ina measc an Dris, Magairlín na Stuaice,  An Lus, An Chnáib Uisce, Méara Muire, Oragán, Pribhéad, an Buachalán agus feochadáin.

### FUIREACH GEIMHRIDH

Déanann sé fuireach geimhridh agus é ina larbha.

### STÁDAS CAOMHNAITHE

Is beag imní.

# *An Fraochán Beag / Coenonympha Pamphilus*



*Grianghraf le Jesmond Harding*

| *Ag Eitilt* | Ean | Fea | Már | Aib | Bea | Mei | Iúi | Lún | MFó | DFó | Sam | Nol |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Fraochán Beag | | | | | | | | | | | | |

## GNÁTHÓG
Le fáil ar fud na Gaillimhe ar thailte féaraigh atá tirim agus nach bhfuil feabhsaithe, chomh maith le háiteanna cois cósta. Is fearr leis na féileacáin fásta limistéir féaraigh ina bhfuil an féar íseal agus a bhfuil neart bláthanna ann chomh maith le scrobarnach anseo agus ansiúd. Bíonn an Fraochán Beag ag eitilt go lag agus go híseal, ag preabarnach thart. Ní eitlíonn sé ach amháin nuair a bhíonn an ghrian ag taitneamh.

## CUR SÍOS

### AN CEANN FÁSTA
Beag, réise sciathán 33-37mm. Tá an Fraochán Beag níos lú ná an Donnóg Féir. Tá cuma bán, tréigthe air agus súilbhall ar an sciathán tosaigh.

### NA hUIBHEACHA
Beirtear na huibheacha, a bhfuil dath éadrom orthu, ina gceann agus ina gceann ar chineálacha éagsúla féar fiáin agus ar ábhar ó phlandaí atá feoite.

### AN BOLB
Ag brath ar an dath atá ar an bhféar, bíonn na boilb gléghlas nó buí agus stríoca dúghlas ar a dhroim.

### AN PUPA
Glas nó buí le cloigeann maol.

### PLANDA BIA AN LARBHA
Féar atá Mín.

### A ROGHA Ó THAOBH NEACHTAIR
Is annamh a fheictear é ag fáil neachtair.

### FUIREACH GEIMHRIDH
Déanann sé fuireach geimhridh agus é ina larbha.

### STÁDAS CAOMHNAITHE
Beagnach faoi bhagairt mar gheall ar ghnáthóga a bheith á gcailliúint, leasú a bheith á úsáid agus seagal á chur, fraoch á dhó san earrach, an iomarca nó gan a dhóthain innilte a bheith déanta, chomh maith le creimeadh cósta agus speicis ionracha.

## LEIDEANNA TÁBHÁCHTACHA DON GHARRAÍODÓIREACHT

Bíonn an chuid is mó de na féileacáin fásta á mbeathú féin ar neachtar. Is iad na bláthanna dúchasacha is fearr mar go dtacaíonn siad le raon leathan speiceas atá tar éis dul in oiriúint do na gnéithe ar leith a bhaineann leis na plandaí sin. Tá teacht aniar sna plandaí seo agus tá siad oiriúnach don aeráid áitiúil agus don chineál ithreach atá ann, rud a chinntíonn go bhfuil an timpeallacht sábháilte agus ceart le linn gach cuid de shaolré an fhéileacáin. Tá sé tábhachtach freisin dár bplandaí dúchasacha mar go bhfuil ról ríthábhachtach ag na féileacáin ina bpailniú. Tá sé tábhachtach dá bhrí sin níos mó plandaí dúchasacha a chur ag fás sna gairdíní.

- Ná bain úsáid as lotnaidicídí.
- Coinnigh speicis ionracha faoi smacht.
- Cuir tuilleadh de na plandaí dúchasacha ag fás le haghaidh bia, gor agus fuireach geimhridh.
- Cruthaigh gnáthóga don fhuireach geimhridh trí bhruscar duille a fhágáil ar an talamh, roinnt fásra tiubh nach bhfuil gearrtha a bheith ann (limistéar d’fhéar nach ngearrtar, neantóga, nó Driseacha) agus bíodh roinnt lomán ina gcarnáin agat.
- Lig don Eidhneán bláthú sa gcaoi is go mbeidh a ndóthain fuinnimh ag féileacáin cosúil leis an bPéacóg, An Ruán agus an Bhuíóg Ruibheach le fuireach geimhridh a dhéanamh.
- Cruthaigh móinéir trí ligean don fhéar a bheith ag fás an samhradh ar fad agus é a ghearradh gach bliain i mí Mheán Fómhair. Ní mholtar na meascáin de bhláthanna fiáine a dhíoltar ar bhonn tráchtála.
- Ná gearr an féar sa gcuid eile den ghairdín ach gach trí nó ceithre seachtaine.
- Cuir plandaí ornáideacha atá báúil do phailneoirí in áiteanna grianmhara a bhfuil foscadh iontu.
- Bíodh na plandaí curtha ina gcarnáin le go mbeidh sé níos éasca dul ar thóir foráiste agus go mbeidh sé níos fusa iad a fheiceáil.
- Cuir uisce báistí ar na bláthanna nuair a bhíonn triomach ann chun a chinntiú go mbíonn neachtar agus móta timpeall ar bhonn na bplandaí leis an taiseach a choinneáil.
- Bíodh uisce ar fáil do na féileacáin. Ólann siad mianraí tuaslagtha agus salainn as na locháin a mbíonn puiteach iontu. Leag amach mias éadomhain le gaineamh nó ithir agus uisce ann chun locháin a chruthú dóibh.
- Fág amach roinnt torthaí leagtha d'fhéileacáin cosúil leis an Aimiréal Dearg agus an Áilleán.
- Déan áiteanna dóibh le bheith ag á ngrianadh féin. Cuir carraigeacha nó leaca pábhála áit a bhfuil foscadh agus grian i gciumhsóga bláthanna nó i móinéir.

## LIOSTAÍ NA BPLANDAÍ IS FEARR LE HAGHAIDH NEACHTAR

### SAN EARRACH

An Cloigín Gorm
Peasair Fhiáin
An Biolar Gréagáin
An Caisearbhán
An Lus Míonla
Hiasaint Fíonchaor
An Sceach Gheal
Fraoch
Eidhneán
Grán Arcáin
An Sabhaircín
An tSailchuach
Saileacha

### SA SAMHRADH AGUS SAN FHÓMHAR

An Gallfheabhrán
An Dris
An Crobh Éin
An Ghlasair Choille
Cam an Ime
Mínscoth Choiteann
An Odhrach Bhallach
Cab an Ghasáin
An Lus
Mínscoth Mhór
Lus na Seabhac
Fraoch
An Chnáib Uisce
Feabhrán
Eidhneán
Méara Mhuire
Oragán
An Nóinín Mór
Pribhéad
An Créachtach
An Lus Síoda
An Buachalán
An Coireán Coilleach
Seamair Dhearg
Peasairí
An Leadán Úcaire
Feochadáin
Tím
Néalfartach
Mismín Dearg
Seamair Bhán
Mealbhacán
Athair Thalún



## LIOSTA DE PHLANDAÍ BIA AN LARBHA

| Féileacán | Plandaí Bia an Larbha |
|---|---|
| | Féileacáin Bhána (Pieridae) |
| An Bhuíóg Ruibheach | An Paide Bréan agus an Draighean Fearna |
| An Bhánóg Mhór | Brasacaigh (fine an chabáiste) |
| An Bhánóg Bheag | Brasacaigh (fine an chabáiste) |
| An Bhánóg Uaine | An Bhóchoinneal, an Biolar Gréagáin agus brasacaigh eile: |
| An Barr Buí | An Bhóchoinneal agus an Biolar Gréagáin |
| | Stiallacha, Copróga, Gormáin (Lycaenidae) |
| An Stiallach Donn* | An Draighean |
| An Chopróg Bheag | Samhradh Bó agus Samhradh Caorach |
| An Gormán Coiteann | An Crobh Éin |
| An Gormán Cuilinn | Cuileann agus Eidhneán |
| | Fritileáin (Nymphalidae) |
| An tAimiréal Dearg | Neantóga |
| An tÁilleán | Feochadáin |
| An Ruán Beag | Neantóga |
| An Phéacóg | Neantóga |
| An Chamóg | Neantóga |
| An Fritileán Péarlach*** | An tSailchuach Chon |
| An Fritileán Geal | An tSailchuach Chon |
| An Fritileán Réisc** | An Odhrach Bhallach |
| | Féileacáin Dhonna (Satyridae) |
| An Breacfhéileacán Coille | Féar |
| An Donnóg Féir | Féar |
| An Fháinneog | Féar |
| An Fraochán Beag | Féar atá Mín |

* Níl siad le fáil ach in oirthear na Boirne agus timpeall ar Loch Coirib
** Sa leath thiar den tír den chuid is mó *** Teoranta d'Oirdheisceart na Gaillimhe

## GLUAIS

**A**

**Á ghrianadh féin:** féileacán ag tógáil isteach teas na gréine chun a chorp a théamh

**Aintéiní:** péire braiteoga céadfacha atá ceangailte de chloigeann an fhéileacáin

**An chiumhais sheachtrach:** an chuid sheachtrach den sciathán

**Ar patról:** ag eitilt thar limistéar áirithe sa tóir ar chéile

**B**

**Bánta:** talamh nach mbíonn in úsáid ar mhaithe leis an torthúlacht agus an t-ábhar orgánach a athshlánú, uaireanta cuirtear 'barr cumhdaigh' air, rud a chruthaíonn aoileach glas

**Barra na n-aintéine:** deireadh gach ceann de na hAintéiní

**Bolg:** eireaball deighilte an fhéileacáin áit a bhfuil na baill beatha

**Brasacach:** planda ó fhine an chabáiste nó an mhustaird a mbíonn bláthanna le ceithre pheitil orthu agus faighneoga caola de ghnáth, e.g. an Bhóchoinneal, Lus an Óir, an Biolar Gréagáin, an Biolar uisce, an Searbh-bhiolar casta

**C**

**Ciumhais na n-easnacha:** ciumhais tosaigh ag teacht amach ón gcloigeann

**Crisilide:** an 'pupa' – an tríú céim i saolré an fhéileacáin

**D**

**Droma:** baineann sé seo leis an taobh uachtarach; is é an sciathán droma an sciathán in uachtar

**Dumhcha liath cois cósta:** dumhcha seasmhacha, atá coinnithe in áit ag córais fhréamhacha d'fhásra léicne, caonach, féar agus bláthanna fiáine

**E**

**Eolaíocht na saoránach:** cineál taighde a dhéanann oibrithe deonacha neamhghairmiúla agus iad ag bailiú sonraí agus i mbun anailíse orthu

**F**

**Fara:** scíth a ligean, foscadh a fháil ó chreachadóirí agus ón aimsir agus fuinneamh a chaomhnú

**Féithreach:** an chaoi a bhfuil na féitheacha i sciathán feithide

**Fuireach geimhridh:** tréimhse fhada gan aon ghníomhaíocht a ligeann do na féileacáin fanacht beo nuair a bhíonn an aimsir go dona agus a gcuid bia gann

**G**

**Gnáthóg:** baile nádúrtha nó timpeallacht nádúrtha an orgánaigh

**I**

**Imirceach:** féileacán a ghluaiseann nó a théann ar imirce go séasúrach ó limistéar geografach amháin go limistéar geografach eile

**Ionstáir:** an chéim idir an foladh i saol na larbhaí

**L**

**Larbha nó bolb:** an fhoirm ghníomhach neamhaibí d'fhéileacán

**Lepidoptera:** (rud a chiallaíonn sciathán gainneach) an cineál feithide lena n-áirítear féileacáin agus leamhain

**P**

**Planda bia:** nó planda óstach – planda a sholáthraíonn bia do bholb an fhéileacáin

**Próboscas:** an feadán beathaithe fada atá ceangailte de chloigeann an fhéileacáin

**Pupa:** an 'crisilide' – an tríú céim i saolré an fhéileacáin

**R**

**Réise sciathán:** an fad atá idir barr na sciathán ar an bhféileacán

Rinn: an coirnéal uachtarach de sciathán an fhéileacáin

**S**

**Sciathán cúil:** an sciathán is gaire do chúl an choirp

**Sciathán tosaigh:** an sciathán is gaire don chloigeann

**Suí:** tuirlingt ar phlanda ard nó ar rud éigin eile agus é ag cuardach céile

**Súilbhaill:** marcanna ciorclacha atá le n-aithint go héasca ón gcuid eile den phatrún ar an sciathán chun creachadóirí a chur amú, ionsaithe a shraonadh agus aird a tharraingt ó chodanna coirp atá níos ríthábhachtaí. Tá siad tábhachtach freisin le haghaidh suirí agus chun céile a aithint. D'fhéadfadh dathanna éagsúla a bheith orthu chomh maith le méideanna éagsúla a bheith iontu.

**T**

**Tóracs:** an chuid den chorp atá idir an ceann agus an bolg

## LEABHARLIOSTA


A guide to butterflies of Ireland. Dublin Naturalists' Field Club

Discovering Irish Butterflies & their Habitats. J.M. Harding

Gardening for Butterflies – Ireland's Butterfly Series. National Biodiversity Data Centre (NBDC)

Guide to Butterflies of Ireland. J.M. Harding

Ireland's Butterfly Series: Marsh Fritillary. National Biodiversity Data Centre (NBDC)

Ireland's Butterfly Series: Small Heath. National Biodiversity Data Centre (NBDC)

Nature's Way – Pollinators in Ireland. An Taisce

Pollinator-friendly Planting Code. All-Ireland Pollinator Plan

Swatch – Ireland's Biodiversity series 'Butterflies' available from National Biodiversity Data Centre (NBDC)

The Irish Butterfly Book – A complete guide to butterflies of Ireland. J.M. Harding

Top 10 Pollinator-friendly Plants for Different Situations. All-Ireland Pollinator Plan

**ÚDAR**
Kay Synott

**DEARADH GRAFACH**
David Lawless

**PRIONTÁIL**
KPW

**GRIANGHRAFADÓIREACHT**
Le Kay Synott, Living Gardens, mura ndeirtear a mhalairt

**TREOIR EOLAÍOCH**
J.M. Harding

**PROFLÉITHEOIREACHT**
Marianne ten Cate
Cathal Mac Aodh Bhuí

**FOIREANN AN TIONSCADAIL**
Kay Synott, Living Gardens
Rosina Joyce, Comhairle Chontae na Gaillimhe

**TACAÍOCHT RIARACHÁIN – COMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE**
Ita Gordon
Gina O'Shaughnessy
Ann Power
Martina Creavan

*Grianghraf Clúdaigh:*
*Tosaigh – An Fritileán Réisc Fhirinn*
*Cúl – An Barr Buí Fhirinn*

*Cuireadh an tionscadal seo i gcrích le tacaíocht ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra tríd an gCiste Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Áitiúil 2025. Is gníomh é de chuid an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht 2023-2030 agus de Phlean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe 2024-2030. Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe ina Comhpháirtí Údaráis Áitiúil de chuid Phlean Uile-Éireann um Pailneoirí.*

© 2025 Gach ceart ar cosaint.
Ní cheadaítear atáirgeadh, fiú go páirteach, gan údarú.

Cuir na féileacáin a bhfeiceann tú faoí bhráid an
**Ionaid Náisiúnta Sonraí Bithéagsúlachta:**

Tabhair cuairt ar **records.biodiversityireland.ie**
Nó **an cód QR thíos a scanadh**



**Le tacaíocht bhródúil ó:**

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Ceangal
Clár den Chomhairle Oidhreachta
A Heritage Council programme

Council
All-Ireland Pollinator Plan
Partner

Living Gardens

NPWS
An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra
National Parks and Wildlife Service